ní or chóir do

chlúidí ní

dochar a dhéanamh don timpeallacht

PRINTED ON RECYCLED PAPER

design & print: Cashin Print, Castlebar. 094 9026622

CONNAUGHT
managing our waste better

Race against Waste
Reduce Reuse Recycle



An chúis nár chóir do **chlúidí** ní dochar a dhéanamh don timpeallacht!!!

comhairle contae mhaigh eo

Clúidíní ...

An chúis nár chóir do chlúidíní dochar a dhéanamh don timpeallacht!!!

Úsáideann an gnáthleanbh suas go dtí 5,000 clúidín sula mbíonn siad traenáilte ar an bpota beag. Chuige sin, leagtar 4½ crann. Úsáidtear tuairim is 600,000 clúidín in Éirinn gach lá. Is chuig an líonadh talún áitiúil a théann na clúidíní sin agus tógann sé isteach agus amach le 500 bliain orthu dianscaoileadh. I gcás teaghlaigh a bhfuil leanbh amháin ann, clúidíní atá i leathchuid den ghnáthbhosca bruscair. Tá clúidíní aon uaire déanta as laíon páipéir, plaistigh, gráinníní glóthacha ionsúiteacha agus breiseáin cheimiceacha a bhfuil drochthionchar acu ar an timpeallacht.

Céard iad na roghanna malartacha?

Tá réimse leathan clúidíní ath-inúsáidte, chomh maith le clúidíní aon uaire atá neamhdhíobhálach don timpeallacht ar fáil anois in Éirinn.

Tá clúidíní ath-inúsáidte níos cineálta don timpeallacht. Agus ó tharla go bhfuil cadás inanálaithe iontu éalaítear an teas, rud a choinníonn an leanbh fionnuar agus compordach. An bhfuil tú amhrasach mar gheall ar an dearcadh diúltach atá ann i leith clúidíní ath-inúsáidte? Breathnaímis ar roinnt de na fíricí.

miotas:

Beidh ort do chuid ama a chaitheamh ag ní, ag sciúradh agus ag maothú clúidíní salacha.

fíric:

Is féidir clúidíní ath-inúsáidte a mhúnlú, a oiriúnú agus a fheistiú go héasca le Velcro, snáitheanna nó snaidhmeáin. Is féidir iad a úsáid in éineacht le brístí uiscedhíonacha a chinntíonn nach mbogfaidh an clúidín. Is féidir líneálaigh insruthlaithe a cheannach leo a bheireann ar an salachar! Is féidir iad a níochán i meaisín níochána.

miotas:

Úsáidtear níos mó fuinneamh agus uisce chun clúidíní a ní, agus tá clúidíní aon uaire níos cineálta don timpeallacht dá réir.

fíric:

Ón uair a dhéantar an clúidín aon uaire go gcaitear é, úsáideann sé 3.5 oiread níos mó fuinnimh, 8 n-uaire níos mó amhábhar neamh-in-athnuaite agus 90 uair níos mó ábhar in-athnuaite agus a úsáideann clúidíní ath-inúsáidte. Gineann siad 2.3 uaire níos mó fuíolluisce agus 60 uair níos mó dramhaíola soladaí.

Cén cineál clúidín ath-inúsáidte ar chóir dom a cheannach?

Cosnaíonn clúidíní ath-inúsáidte i bhfad níos lú ná clúidíní aon uaire. Ón uair a thosaíonn leanbh á n-úsáid go dtosaíonn sé/sí ag úsáid an phota bhig cosnaíonn clúidíní ath-inúsáidte thart ar €800 níos lú ort ná clúidíní aon uaire agus is féidir iad a úsáid arís don chéad leanbh eile. Dá bhrí sin, is fiú go mór infheistiú i gclúidín ionsúiteach d'ardchaighdeán.

Beidh tú ag cabhrú leis an timpeallacht fiú mura n-úsáideann tú clúidíní ath-inúsáidte ach cuid den am.

Cén áit ar féidir liom clúidíní ath-inúsáidte a cheannach?

Tá clúidíní nádúrtha, mar aon le clúidíní aon uaire nach bhfuil chomh díobháileach céanna don timpeallacht, á ndíol ag roinnt gnólachtaí faoi láthair – breathnaigh ar an liosta ar leathanach na Rannóige Comhshaoil ar www.mayococo.ie

Tuilleadh Eolais:

Ná bíodh aon drogall agat teagmháil a dhéanamh liom má theastaíonn aon eolas breise uait maidir leis na roghanna malartacha ar ghnáthchlúidíní aon uaire.

Sharon Cameron,
Oifigeach Feasachta Comhshaoil,
Comhairle Contae Mhaigh Eo.
Áras an Chontae,
Caisleán an Bharraigh.

Teileafón: 094 902 4444,
R-phost: scameron@mayococo.ie
Suíomh Gréasáin: www.mayococo.ie